CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/1932 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Meán Fómhair 2022

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste AE-CTC arna bhunú ag Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach ([1]) ("an Coinbhinsiún"), tugadh i gcrích é idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise, agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

(2) De bhun Airteagal 15(3), pointe (a), den Choinbhinsiún, féadfaidh Comhchoiste AE-CTC arna bhunú de bhun Airteagal 14(1) den Choinbhinsiún ("Comhchoiste AE-CTC"), trí bhíthin cinntí, leasuithe ar Fhoscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a ghlacadh.

(3) An 25 Lúnasa 2022, chinn Comhchoiste AE-CTC iarraidh ar an Úcráin aontú don Choinbhinsiún agus an 31 Lúnasa 2022, thaisc an Úcráin a hionstraim aontachais.

(4) Le haontachas na hÚcráine, beidh gá leis na doiciméid ráthaíochta ábhartha a oiriúnú agus téarmaí teicniúla áirithe a chur isteach i dteanga na hÚcráine.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste AE-CTC a leagan síos, ós rud é go mbeidh éifeacht dlíthiúil ag na leasuithe ar an gCoinbhinsiún san Aontas, má fhormheastar iad.

(6) Chuir Ballstáit uile an Aontais a dtuairim dhearfach in iúl a mhéid a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe sa Mheitheal AE-CTC maidir leis an nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.

(7) Ós rud é go leasóidh Cinneadh Chomhchoiste AE-CTC an Coinbhinsiún, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste AE-CTC a bhunú ar an Dréacht-Chinneadh a ghabhann leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, i gComhchoiste AE-CTC arna bhunú ag Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach ("Comhchoiste AE-CTC") ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige nó trí bhithín an chéad nós imeachta i scríbhinn eile maidir le leasuithe ar Fhoscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste AE-CTC atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaí an Aontais i gComhchoiste AE-CTC mionathruithe teicniúla ar an dréachtchinneadh a aontú.

([1]) IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

Airteagal 2

Tar éis a ghlactha, foilseofar an Cinneadh ó Chomhchoiste AE-CTC in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. SÍKELA